## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Go ginearálta, measann an rapóirtéir go bhfuil Bunrialachán de dhíth ar ECHA chun a áirithiú go mbeidh sé oiriúnach don todhchaí agus gur féidir leis spriocanna agus uaillmhianta an Aontais a bhaint amach maidir le sábháilteacht ceimiceán, an tsláinte agus an comhshaol a chosaint agus tacú le hiomaíochas. Chun simpliú agus solúbthacht a áirithiú, ba cheart, leis an mbunrialachán, deis a thabhairt do ECHA líne bhuiséid aonair a bheith aige dá ranníocaíocht ón Aontas agus deis a bheith aige cúlchiste a thiomargadh ó tháillí.

Measann an rapóirtéir go mbeidh tionchar suntasach ag athshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla ar ECHA. Beidh gá le hathstruchtúrú ar obair na Gníomhaireachta chun a áirithiú gur féidir lena Coistí déileáil leis an ualach oibre méadaithe gan baint de cháilíocht, poncúlacht agus tráthúlacht a gcuid oibre.

Sa chomhthéacs sin, is dócha go ndéanfar plé ar struchtúir nua – coistí nó meithleacha – chun go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann déileáil go héifeachtach leis na cúraimí nua. Ina theannta sin, is gá na struchtúir atá ann cheana (an Coiste um Measúnú Riosca agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch) a threisiú.

Chomh maith leis an ngá atá le buiséad agus soláthar foirne breise, ní mór machnamh a dhéanamh ar bhunú agus eagrú na hoibre. Gan aon soiléireacht maidir le struchtúr choistí eolaíocha na Gníomhaireachta amach anseo, ní féidir teacht ar chonclúid maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh na hacmhainní atá beartaithe leordhóthanach don Ghníomhaireacht chun an t-ualach oibre méadaithe a bhainistiú.

Is fíorthábhachtach go nglacfar togra le haghaidh Bunrialachán maidir le ECHA, toisc go gcuirfidh sé ar chumas na Gníomhaireachta na cúraimí nua a chomhtháthú go rianúil agus go héifeachtúil.

I ndáil leis sin, molann an rapóirtéir idirthréimhse atá níos faide ná an tréimhse 12 mhí arna leagan amach sa togra dlíthiúil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é nach bhfuil sé beartaithe aon acmhainní airgeadais ná daonna a sholáthar do ECHA faoi láthair go dtí go nglacfar an téacs dlíthiúil agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

